



Nuálaíocht á Spreagadh



Tá NSAI ag cuidiú le bonn táirgthe na hÉireann a neartú, bheith ina phríomh-mhol monaraíochta den cheathrú réabhlóid thionsclaíoch.

A man with short brown hair and a light beard is shown in profile, looking intently at a large digital screen. The screen displays various data visualizations, including bar charts and line graphs, with a blue and white color scheme. The background is dark, and there are some blurred light sources, possibly from the screen or other lights in the room. The overall atmosphere is professional and focused on technology and data.

In 2019 bhíomar ag spreagadh fiontair Éireannacha go gníomhach chun úsáid a bhaineann as caighdeáin maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt i ndáil le nascacht agus digitiú ardmhonaraíochta.



Tá caighdeáin ag cuidiú le cuideachtaí Éireannacha tuiscint bheith acu ar conas is féidir le teicneolaíochtaí éagsúla úra, amhail Idirlión na Rudaí Nithiúla, 5G agus Cibearshlándáil, deiseanna úra a thairiscint dóibh.

Táimid anseo le **tacú leis an nuálaíocht agus í a chumasú.**

SRACFHÉACHAINT AR 2019

1,572

CAIGHDEÁN FOILSITHE

3,372

ÚSÁIDEOIR CLÁRAITHE

'YOUR STANDARDS YOUR SAY'

172,913

CAIGHDEÁN A NAMHARCADH

ORTHU NÓ A ÍOSLÓDÁLADH

5

CAIGHDEÁN ÚR ÉIREANNACH CRUTHAITHE

10,840

CAIGHDEÁN DÍOLTA

282

CRUINNIÚ COISTÍ A TIONÓLADH

228

COMHALTA COISTE ÚR

1,159

CÓRAS BAINISTÍOCHTA A GLACADH

4,798

CALABRÚ UIRLISÍ

TOMHAIS

14,710

INIÚCHADH DÉANTA AR UIRLISÍ

TOMHAIS SA TRÁDÁIL

127

CEADÚ TÁIRGÍ FEISTE LEIGHIS

9,008

CEADÚ TÁIRGÍ MÓTARFHEITHICLE

4,269

ÁITREABH AR THUG AN RANNÓG

UM MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

CUAIRT ORTHU

CLÁR NA nÁBHAR

Réamheolas faoi NSAI	4
Misean agus Fís	5
Forléargas an Chathaoirligh agus an POF	6
Gníomhaíochtaí	
Caighdeáin	10
Méadreolaíocht	14
Deimhniúchán	19
NSAI Inc	24
Ráitis maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	28
Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	43

NSAI

RÉAMHRÁ

Is é NSAI comhlacht um chaighdeáin oifigiúla na hÉireann. Tá an fhreagracht aige as seirbhísí maidir le caighdeánú, measúnú comhréireachta agus tomhas a chur ar fáil. Is é a phríomhaidhm feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht an ghnó Éireannaigh agus muinín tomhaltóirí a threisiú trí chaighdeánú.

Déanaimid an sainchúram sin trí chaighdeáin a fhorbairt, cigireacht a dhéanamh ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus deimhniú a eisiúint maidir le cur chun feidhme caighdeán ar earraí, ar chaighdeáin agus ar thomhais.

Tairgimid catalóg seirbhísí deimhniúcháin, rud a thugann na huirlisí do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí lena thaispeáint go gcomhlíonann a gcuid earraí agus seirbhísí na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

Cuidíonn ár seirbhísí leis an trádáil a chumasú, an tomhaltóir a chosaint agus a chinntiú gur féidir brath ar tháirgí agus ar sheirbhísí ar bhonn náisiúnta agus ar fud an domhain.

An dóigh a mbainimid ár spriocanna amach

- Úsáid as caighdeáin a spreagadh ar fud an tionscail
- Caighdeáin, treoracha, moltaí agus cóid cleachtais a cheapadh do na hearnálacha tionscail
- Rannpháirtíocht an tionscail i bhforbairt caighdeán ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a éascú
- Deimhniúchán a aithnítear go hidirnáisiúnta a thabhairt do ghnólachtaí le haghaidh táirgí, próiseas nó cleachtas
- Rochtain an tionscail ar chaighdeáin idirnáisiúnta tomhais inrianaithe a choimeád agus a chinntiú
- Seirbhísí calabraithe tomhais ardbheachtais a sholáthar
- Maoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil



Ár Misean

Mar phríomhúdarás na hÉireann maidir le seirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais, cuireann NSAI le timpeallacht ghnó bharrfheabhsaithe don trádáil agus don nuálaíocht trí fheabhas agus trí shaineolas i soláthar seirbhísí den chaighdeán is airde.

Ár bhFís

A bheith mar phríomhsholáthraí na hÉireann de shaineolas caighdeán, deimhniúcháin agus tomhais den chéad scoth, chun trádáil a éascú agus tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

Nuálaíocht i nGníomh:



Comhoibriú le Skillnet Ireland

D'oibrigh NSAI agus Skillnet Ireland i gcomhar le chéile in 2019 chun Caighdeán úr um Chóras Bainistíochta Nuálaíochta ISO agus Clár um Barrfheabhsú Nuálaíochta (IEP) ailínithe a sheoladh, chun cuidiú le borradh a chur faoi na leibhéil nuálaíochta agus táirgiúlachta in earnáil FBManna na hÉireann. Leis an gcaighdeán beidh eagraíochtaí ábalta nuálaíocht a chur chun feidhme agus a bhainistiú go rathúil trí réitigh a chur ar fáil lena dtugtar aghaidh ar fhíor-riachtanais custaiméirí.



AN CATHAOIRLEACH & AN POF FORLÉARGAS

Lean geilleagar na hÉireann ag feidhmiú go láidir in 2019 i gcoinne neamhchinnteacht Brexit agus na timpeallachta eacnamaíche domhanda i gcoitinne, rud a mhéadaigh buarthaí faoi dhearcthaí cosantaíocha sa trádáil idirnáisiúnta.

Tháinig fás 5.5% ar an OTI mar thoradh ar thosca amhail an margadh saothair, figiúirí dífhostaíocht ar a leibhéal is ísle le bliana beaga anuas, agus na líonta is mó riamh le haghaidh onnmhairí Éireannacha.

Agus soláthar á dhéanamh i gcoinne na riachtanas gnó le haghaidh forbairt caighdeán, deimhniúcháin agus méadreolaíochta, bhí ról tábhachtach ag NSAI maidir leis an rath eacnamaíoch leanúnach sin a éascú. Trí dhlúth-rannpháirtíocht rialta leis na príomhearnálacha tionscail, leis an rialtas agus le páirtithe leasmhara eile, chinntigh an eagraíocht go raibh, agus go mbeidh, bonneagar láidir slán trádála ann le haghaidh táirgí agus seirbhísí trí chaighdeán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Poist Amach Anseo in Éirinn

In 'Poist Amach Anseo in Éirinn' cuirtear béim láidir ar tháirgiúlacht a mhéadú agus ar na rátaí rannpháirtíochta inár ngeilleagar a neartú. Féachtar leis lena chinntiú go mbainfimid tairbhe as na hathruithe teicneolaíocha atá ag tarlú cheana sa saol teicneolaíochta, na hintleachta saorga agus na róbataice, agus sonraítear leis "gur féidir leis an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) feidhmiú mar dhroichead idir caighdeán agus gnó na hÉireann trí ghnó na hÉireann a chur ag croílár na gcaighdeán idirnáisiúnta."

Mar gheall ar luas méadaithe agus éagsúlacht na forbartha teicneolaíche ó mhonaraíocht bhreiseánach agus cruthú feidhmchlár le haghaidh gléasanna cliste, ar stóráil agus anailís ar na sonraí a cruthaíodh, cruthaíodh riachtanas méadaithe le haghaidh caighdeánú idirnáisiúnta. Mar gheall ar an éagsúlacht sin tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht na hÉireann sa phróiseas um chaighdeánú, le gach rud idir chuideachtaí beaga nuathionsanta a bunaíodh le cúpla bliain anuas, agus cuideachtaí móra ilnáisiúnta atá páirteach go gníomhach sa phróiseas um chaighdeánú agus i bhfóiraim idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, in 2019 d'óstáil NSAI cruinnithe tábhachtacha de chuid an Choiste Caighdeán idirnáisiúnta ina raibh príomhchinnteoirí

agus príomhshaineolaithe ó phoist a bhfuil tionchar acu laistigh de ghnó na hÉireann agus acadóirí ar thopaicí idir Intleacht Shaorga agus Monatóireacht Bhreiseánach, Nuálaíocht, agus Slándáil Faisnéise.

Léiríonn beartais an Rialtais a shreabhann as creat 'Poist Amach Anseo in Éirinn' amhail Tionscal 4.0, Tionscadal 2040, Éire Dhomhanda 2025 agus Pleananna Aeráide cur chuige comhtháite maidir le forbairt gheilleagar na hÉireann lena n-éilítear go mbeidh páirt ghníomhach ag comhlachtaí stáit maidir le hÉirinn a shuí do dheiseanna agus do dhúshláin an gheilleagair amach anseo. Trínár bpróifíl idirnáisiúnta agus fairsing ár seirbhísí tá sé ar ár gcumas go huathúil tacú lenár ngníomhaíochtaí sna straitéisí náisiúnta agus sna tionscnaimh earnála agus iad a bhaint amach.

Tionscal 4.0

I Straitéis Náisiúnta Tionscal 4.0 an Rialtais beartaítear go mbeidh Éire ina mol monaraíochta iomaíoch arna spreagadh leis an nuálaíocht a bheidh chun tosaigh maidir le forbairt agus glacadh Tionscal 4.0 faoi 2025. Beidh tionchar mór ag ardteicneolaíochtaí digiteacha, amhail intleacht shaorga, róbaitic agus mórshonraí agus anailísíocht ar gheilleagar na hÉireann agus ar an mbonn monaraíochta, agus is é laistigh de na príomhréimsí straitéiseacha sin atá príomhról ag NSAI. Leis na teicneolaíochtaí digiteacha úra tá tús curtha le haistriú na slabhraí luacha monaraíochta domhanda, slabhraí soláthair agus múnlaí gnó, ag athshainiú fhoinsí an bhuntáiste gnó do ghnólachtaí agus do na geilleagair náisiúnta araon. Díríonn an eagraíocht ar Éirinn a chur chun tosaigh mar phríomhcheannaire maidir leis na caighdeán sna príomhréimsí teicneolaíochta a fhorbairt, amhail blocshlabhra, slándáil sonraí agus Intleacht Shaorga.

Le linn 2019, d'óstálar ocht gcruinniú iomlánacha um chaighdeánú idirnáisiúnta maidir le digitiú. D'fhreastail cuid de na saineolaithe is mó a bhfuil tionchar acu sa saol um chaighdeánú orthu agus bhuail siad leis an lucht

tionscail agus gnó áitiúil ag imeachtaí for-rochtana a eagraíodh i gcomhthráth leis na cruinnithe. Cuireadh obair shuntasach chun cinn ag na cruinnithe sin i réimsí suntasachta amhail 'lontaofacht AI' a bhfuil Éire ina cathaoirleach air.

Nuálaíocht

Agus 90% den lucht saothair á fhostú ann tá FBManna lárnach do dhúshlán na hÉireann maidir le fás agus rathúnas inbhuanaithe leathan a chruthú. I staidéar de chuid ECFE in 2019 maidir le FBManna fuarthas go bhfuil 'an dinimiceas gnó agus an ráta gnólachtaí nuathionscanta measartha íseal, nach bhfuil FBManna Éireannacha róghníomhach i margaí idirnáisiúnta, agus go bhfuil fás táirgiúlachta FBManna marbhánta. Ceann de na gníomhaíochtaí sa tuarascáil seo is ea cur i bhfeidhm cláir úr um ghlacadh caighdeán do FBManna. Ba chóir go n-áireofaí leis sin treoirlínte maidir le caighdeáin a chomhtháthú i dtáirgí agus i seirbhísí mar aon le féachaint le haghaidh comhairle maidir le caighdeáin iomchuí a ghlacadh. Is é cur chuige amháin maidir le dul i ngleic leis sin, cumais nuálaíochta gnólachtaí níos lú a threisiú. Dá réir sin, d'oibrigh NSAI, Ibec agus Skillnets Ireland i gcomhar le chéile anuraidh chun Caighdeán úr um Chóras Bainistíochta Nuálaíochta ISO atá ailínithe le Clár um Barrfheabhsú Nuálaíochta a sheoladh, chun cuidiú leibhéil fáis san earnáil a mhéadú. Tá an tionscnamh dírithe ar chur i bhfeidhm praiticiúil an chaighdeáin a chur ar fáil do rannpháirtithe lena gcinnteofar go n-oiriúnódh eagraíochtaí agus go dtiocfaidh siad chun cinn ar bhonn leanúnach, agus ar an tslí sin luach a chruthú.

In 2019 chomh maith seoladh Caighdeán úr um Dhearadh Uilíoch chun go mbeidh eagraíochtaí ábalta a dtáirgí agus a seirbhísí a thabhairt chuig lucht spéise níos leithne, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Sonraítear leis an gcaighdeán na ceanglais agus na moltaí lena gcuirtear

ar chumas eagraíochta a raon úsáideoirí a shíneadh; trí riachtanais úsáideoirí éagsúla, saintréithe, cumais, agus roghanna a shainiú.

Gníomhú ar son na hAeráide

Is é gníomhú ar son na haeráide ceann de na dúshláin dhomhanda is suntasaí atá le sárú ag Rialtais náisiúnta agus ag saoránaigh toisc go bhfuil na tionchair a bhaineann le cur isteach na haeráide le feiceáil sa tsochaí, in acmhainní eacnamaíocha agus nádúrtha. Faoi Plean Gníomhaíochta um Aeráid 2019 an Rialtais, tá NSAI ag tacú le gníomhaíochtaí ar an slabhra soláthair le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, tithe a iarfheistiú agus oiriúnú don aeráid, lena n-áirítear caighdeán maidir le rialacha um shreangú leictreach ina gcuimsítear treoir le haghaidh luchtairí feithiclí leictreacha. Tairgeann NSAI deimhniúchán R2 chomh maith, arb é an caighdeán domhanda maidir le hathchúrsáil fhreagrach trealaimh leictreonaigh agus soláthraíonn sé an creat chun córais a chur chun feidhme a bhaineann le sláinte an chomhshaoil agus an tsláinte phoiblí, sláinte agus sábháilteacht oibrithe, slándáil agus an slabhra iomlán coimeáda d'ábhair thocsaineacha trí dhiúscairt deiridh. Soláthraíonn sé córas chomh maith lena chinntiú nach ndéanfar ábhair thocsaineacha a onnmhairiú go tíortha a bhfuil dlíthe achtaithe acu lena ndéantar a n-allmhairiú neamhdhleathach.

Tá NSAI ag obair go gníomhach leis an Roinn Tithíochta sna réimsí maidir le cosaint radóin, foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB), aerú agus forbairt Chuid L de na rialacháin foirgníochta – Caomhnú Breosla agus Fuinnimh. Leis na scéimeanna sin agus comhoibrithe eile le húdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚIFÉ) i réimsí amhail Múnú Teirmeach, Aerdhíonacht agus Feidhmíocht Fuinnimh Fuinneog, cinntítear tacaíocht leanúnach do bheartas an Rialtais um gníomhú ar son na haeráide.

Nuálaíocht i nGníomh:

Caighdeán atá Freagrúil ó Thaobh Inscne de


In 2019, shínigh Príomhfheidhmeannach NSAI Geraldine Larkin Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Caighdeán atá Freagrúil ó Thaobh Inscne de agus forbairt Caighdeán lena n-aithnítear gur uirlisí riachtanacha iad Caighdeán Idirnáisiúnta i dtreo neamhionannas a laghdú, inbhuanaitheacht níos mó a chruthú agus fás eacnamaíoch uilechuimsitheach a spreagadh.





Todhchaí na hOibre

I mí Aibreáin, d'óstáil NSAI 150 príomh-shaineolaí domhanda maidir leis an Intleacht Shaorga ag cruinniú lomlánach Idirnáisiúnta chun na chéad chaighdeáin riamh ar domhan san Intleacht Shaorga (IS) a chur chun cinn. D'fhreastail príomhimreoirí ó mhórchuideachtaí teicneolaíochta, lena n-áirítear Microsoft, IBM, Google, agus Huawei, ar an imeacht cúig lá.



Cur chun cinn sa Mhéadreolaíocht

Rinneadh gaisce i mí na Bealtaine 2019 nuair a rinneadh ceann de na príomhcholuín eolaíochta, an cileagram a athshainiú. I ndiaidh vóta idir ceannaire na méadreolaíochta ó 60 náisiún, lena n-áirítear NSAI, cuireadh an 'cileagram leictreonach' in ionad an chileagraim mhiotail fhisiciúil. Mar fheagairt ar riachtanais ghnó atá ag teacht chun cinn bhunaigh SNM Pointe Triarach de chaighdeán Argóin, lena leathnaítear cumais tomhais teochta NSAI ag an leibhéal príomhúil síos go dtí -189 °C.

Feistí Leighis

Le honnmhairí táirgí leighis measta ag os cionn €12 bhilliún aige agus ina bhfostaítear os cionn daichead míle duine, tá tionscal feistí leighis na hÉireann lárnach do chuspóirí sonracha na forbartha tionsclaíche. Leanann NSAI le tacaíocht a thabhairt do staid na hÉireann mar phríomh-shuíomh le haghaidh teicneolaíochtaí leighis trínár stádas mar chomhlacht deimhniúcháin aitheanta d'fheistí leighis agus trínár n-iarratas ar ainmniúchán faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis (MDR) agus an Rialachán maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (IVDR) a chur ar aghaidh. Táthar ag súil leis an ainmniúchán deiridh in 2020 agus cinnteofar Éire mar chomhlacht dúchasach a dtugtar fógra dó leis, ceann de chohórt an-teoranta, chun córais um bainistíocht cáilíochta feistí leighis agus táirgí lena gcur ar an margadh Eorpach a mheasúnú agus a dheimhniú.

Brexit NSAI

I ndiaidh níos mó ná trí bliana go leith i ndiaidh vóta Brexit agus i ndiaidh olltoghcháin, dhaingnigh Parlaimint na Breataine an comhaontú um tharraingt siar ar deireadh, agus d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an 31 Eanáir 2020. Chuir sé sin tús le hidirthréimhse atá le tabhairt i gcrích ar an 31 Nollaig 2020, tréimhse a n-idirbheartóidh an Ríocht Aontaithe agus AE a gcaidreamh amach anseo lena linn. Tá gar-imeacht ár gcomhpháirtí trádála is mó ina dhúshlán suntasach don trádáil idir an Ríocht Aontaithe agus Éire. Le cinneadh na Ríochta Aontaithe méadaíodh tábhacht agus tuiscint na gcaighdeán atá lárnach anois d'ullmhúcháin an rialtais.

Bhí Aonad Brexit NSAI an-ghníomhach i bhfeachtas an Rialtais, 'Getting Ireland Brexit Ready' ag soláthar príomhtheachtaireachtaí maidir leis an gcuid mhór tionchar agus cásanna maidir le táirgí a dheimhniú. Le linn na bliana d'óstáil an eagraíocht sraith seisiún faisnéise Brexit ar fud na tíre arna n-eagrú ag Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) agus ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ghlac sí páirt iontu.

Bhí imeachtaí speisialaithe ar siúl chomh maith don earnáil tógála i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus d'earnáil na bhFeistí Leighis i gcomhar le Fiontraíocht Éireann. Bhí NSAI i láthair ag Mol Brexit chomh maith ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Fócas don Todhchaí

Le tabhairt i gcrích straitéis reatha NSAI ag deireadh 2020, cuireadh tús leis an bpróiseas chun straitéis úr 2021-2023 a fhorbairt. Tá próiseas forbartha na straitéise le stiúradh ag an mBord agus ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá sé tábhachtach, áfach, a shonrú go bhfuil athrú suntasach tagtha, i ndiaidh na géarchéime gan choinne a tharla mar gheall ar phaindéim dhomhanda COVID-19 ag tús 2020, ar an tírdhreach eacnamaíoch, agus gan amhras múnlófar agus go deimhin athrófar treo na straitéise sna míonna agus sna blianta amach romhainn leis. In ainneoin na ndúshlán suntasach agus an neamhchinnteacht atá os ár gcomhar táimid ag tnúth le hobair a dhéanamh chun tacú le gnólachtaí Éireannacha agus iad ag féachaint le caighdeán a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena gcuspóir a bhaint amach.


Tuiscint

Ba mhaith linn ár mbuíochas a léiriú do bhaill foirne NSAI in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe, a chinntigh gur bhaineamar torthaí den scoth mar sin amach i gcónaí. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Comhaltaí ár mBoird, agus le Comhaltaí Boird atá ag éirí as, as a gcuid ama agus as a n-eolas suntasach maidir leis an eagraíocht a threorú le linn na bliana.

Táimid buíoch den chuid mhór eagraíochtaí, baill coistí agus saineolaithe tionscail as a n-ionchur suntasach a thug siad go flaithiúil thar na blianta. Threisigh siad cáil na hÉireann san obair um chaighdeánú agus mhéadaigh siad feasacht an phobail maidir le raon feidhme agus suntasacht na gcaighdeán sa lá atá inniu ann.

Ba mhaith linn chomh ár mbuíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe laistigh dá máthair-roinn, leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, agus an Aire Stáit don Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen TD agus a gcomhghleacaithe ag an Roinn as a dtacaíocht leanúnach.

Ar deireadh, i gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), 1996, thar ceann an Bhoird agus an Údaráis, cuirimid i láthair an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019.



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

CAIGHDEÁIN

Sainítear Caighdeán le Rialachán Eorpach (AE) Uimh. 1025/2012 mar;

Doiciméad teicniúil is ea caighdeán a cheaptar lena úsáid mar riail, mar threoir nó mar shainmhíniú. Baineann sé le bealach comhaontaithe a bhunú maidir le táirge a dhéanamh, próiseas a bhainistiú, seirbhís a sheachadadh nó ábhair a sholáthair.

Mar an ball náisiúnta d'eagraíochtaí um chaighdeán idirnáisiúnta éascaíonn NSAI ionchur i bhforbairt agus i bhfoilsíú caighdeán úr trína líonra coistí comhairleacha agus ionadaíocht d'Éirinn ar choistí caighdeán idirnáisiúnta. Oibríonn siad ar bhealach oscailte agus trédhearcach lena chinntiú go mbeidh cáilíocht, sábháilteacht agus comhsheasmhacht chun tosaigh i gcaighdeán úr ar bith.

Tá ról mór ag caighdeán maidir le todhchaí níos cliste agus níos inbhuanaithe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a chinntiú. Tá siad ríthábhachtach maidir leis an trádáil idirnáisiúnta a éascú agus cuidiú le ghnólachtaí agus le heagraíochtaí forbairt, nuáil a dhéanamh agus dul san iomaíocht ar an margadh domhanda agus féadfaidh rialtais tagairt a dhéanamh dóibh agus reachtaíocht á forbairt acu.

Is léir go gcuidíonn rannpháirtíocht luath agus ghníomhach i bhforbairt caighdeán le gnólachtaí an riosca a bhaint dá ngníomhaíochtaí TFN agus iad a luathú, lena n-éascófar glacadh mórmhargáíochta táirgí ar fud margaí idirnáisiúnta iomaíocha. Dá réir sin, cuirtear béim i mbeartas AE agus i mbeartas náisiúnta ar an tábhacht a bhaineann le caighdeán mar fhoinsé buntáiste iomaíoch do chuideachtaí de gach cineál agus de gach méid.

258

COISTE CAIGHDEÁN

1,652

COMHALTA COISTE

1,572

CAIGHDEÁN FOILSITHE

172,913

CAIGHDEÁN AR BREATHNAÍODH ORTHU AGUS/NÓ A ÍOSLÓDÁLADH

3,675

RANNPHÁIRTÍOCHT TRÍ
'YOUR STANDARDS YOUR SAY'

Nuálaíocht i nGníomh:



Beartas um Chaighdeán Amach Anseo i saol an Bhlocshlabhra

D'óstáil NSAI an 5ú Cruinniú Iomlánach Idirnáisiúnta de chuid ISO TC 307, an Coiste Teicniúil le haghaidh Blocshlabhra agus leithdháil sé teicneolaíochtaí cuntais i mí na Bealtaine. Tháinig saineolaithe ó 40 tír le chéile i mBaile Átha Cliath chun Beartas um Chaighdeán Amach Anseo i saol an Bhlocshlabhra a phlé. Taispeánann sé toilteanas NSAI an caighdeánú sa réimse seo a bharrfheabhsú.



CAIGHDEÁIN I bhFÓCAS

Tá fás ollmhór tagtha ar theacht chun cinn earnálacha gnólaíochtaí úra le cúpla bliain anuas le teacht chun cinn na n-ardán teicneolaíochta agus réiteach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna gnó, monaraíochta, sonraí agus sochaíocha. Chuir sé sin le héagsúlacht na n-earnálacha atá clúdaithe ag 258 Coiste Comhairleach NSAI a bhaineann le cúrsaí idir Bhainistíocht Nuálaíochta, Intleacht Shaorga (IS), Samhlú Faisnéise um Thógáil agus Fhoirgníocht (BIM), Caighdeáin Scéime, táirgí Leictreacha, agus na hEolaíochtaí Sláinte agus Beatha.

Braitheann an obair a bhaineann le caighdeánú go mór ar rannchuidiú Bhaill aonair na gCoistí agus tá méadú fós ag teacht ar líon na saineolaithe a ghlacann ballraíocht i gcoistí um Chaighdeáin NSAI gach bliain agus ghlac 228 ball eile ballraíocht iontu in 2019.

Le linn 2019, tionóladh 282 cruinniú de chuid Coistí um Chaighdeáin agus is ionann líon na mball sna coistí anois agus os cionn 1,600 ball. Foilsíodh 1,572 caighdeán ar an iomlán ar fud punann leathan réimsí teicniúla. Chuir NSAI le straitéis náisiúnta an Rialtais trí chaighdeáin a chur chun cinn mar fhoinsé buntáiste iomaíoch do ghnó chomh maith le caighdeáin náisiúnta agus clár ghníomhaíochta a thacaíonn le pleananna gníomhaíochta agus beartais a fhorbairt.

Na 10 gCaighdeán is mó Díol in 2019

- ET 101**
Rialacha Náisiúnta le haghaidh Suiteálacha Leictreacha
- I.S. 340**
Sláinteachas san Earnáil Lónadóireacht
- I.S. 3217**
Soilsiú Éigeandála
- I.S. 3218**
Brath dóiteáin agus córais aláraim d'fhoirgnimh - Dearadh, suiteáil, coimisiúnú, seirbhísiú agus cothabháil córais
- I.S. 813**
Suiteálacha gáis baile
- I.S. 820**
Suiteálacha gáis tráchtála
- I.S. EN 16883**
Caomhnú na hoidhreacht cultúrtha - Treoirleáir maidir le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh stairiúil
- I.S. ISO 45001**
Córais bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde - Ceanglais le treoir maidir le húsáid
- I.S. EN ISO 9001**
Córais um bainistíocht cáilíochta - Ceanglais
- I.S. 291**
Roghnú, coimisiúnú, suiteáil, cigireacht agus cothabháil múchtóirí dóiteáin iniompartha

Nuálaíocht i nGníomh:

Os cionn 1,500 caighdeán in 2019

D'fhoilsigh NSAI os cionn 1,500 Caighdeáin in 2019 do réimsí amhail Dearadh Uilíoch, Córais Bainistíochta Nuálaíochta agus an tionscal scéimhe. Cuidíonn an obair ríthábhachtach seo lena chinntiú gur féidir le gnólaíochtaí ar fud na hÉireann dul san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.



Caighdeánú agus Tionscal 4.0

Tá fás ollmhór ag teacht ar líon na ngléasanna nasctha ar fud an domhain agus tá tionchar ag “Idirlíon na Rudaí Nithiúla” ar gach gné dár saol ó leictreachas go talmhaíocht. Níl deireadh leis na feidhmchláir, ach agus an feiniméan ag méadú go tobann, tá an gá le muinín, slándáil agus bonn ónar féidir an teicneolaíocht a fhorbairt tuilleadh, lena mbeidh bearta agus córais láidre i bhfeidhm, ag méadú go tobann chomh maith. Sa chomhthéacs sin, d’óstáil NSAI ocht gcruinniú um chaighdeánú Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i Muilinn gCearr anuraidh maidir le hIntleacht Shaorga (IS), Róbataic, Nuálaíocht agus Caighdeánú, Blocshlabhra, priontáil 3-D agus scanadh, agus éifeachtúlacht ábhar.

D’fhreastail saineolaithe domhanda caighdeán agus ionadaithe ó chuid de na cuideachtaí teicneolaíochta is mó ar domhan amhail Google, Microsoft agus Huawei ar imeachtaí for-rochtana do thionscail agus do ghnóilachtaí áitiúla, a eagraíodh i gcomhair le cruinnithe maidir le IS, Blocshlabhra agus Róbataic.

Cur i bhFeidhm Náisiúnta na Sraithe Nuálaíochta

I dtuarascáil ECFE maidir le FBManna agus Beartas Fiontraíochta in Éirinn 2019 cuireadh béim láidir ar an acmhainneacht le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta agus in úsáid caighdeán le feabhas a chur ar chumais, iomaíochas agus táirgiúlacht FBManna Éireannacha. Lena chois sin le straitéis an rialtais laistigh de Nuálaíocht 2020 táthar le ‘caighdeán agus rialacháin a chur chun cinn mar fhoinsé buntáiste iomaíoch’.

Mar fhreagairt air sin, d’fhorbair caighdeán NSAI treoirlínte maidir le sraith caighdeán ISO 56000 maidir le Bainistíocht Nuálaíochta, chomhoibrigh sé le Skillnet Ireland maidir leis an gClár um Barrfheabhsú Nuálaíochta agus chinntigh sé a chur chun cinn agus a úsáid leathan ag imeachtaí náisiúnta éagsúla a bhain le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht in 2019.

Nuálaíocht i nGníomh:



An Coiste um Chaighdeán Idirnáisiúnta Róbataice

I mí na Samhna d’óstáil NSAI an Coiste um Chaighdeán Idirnáisiúnta Róbataice dá 12ú cruinniú ar fud an domhain. Leis an athbhreithniú ar na caighdeán sábháilteachta úra éascófar comhar róbat agus daoine sa láthair oibre, rud a chuirfidh ar chumas daoine agus róbat oibriú taobh le taobh i dtimpeallacht shábháilte.



Caighdeán um Dhearadh Uilíoch Seolta

Sheol NSAI agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) caighdeán úr um dhearadh in 2019 chun go mbeidh eagraíochtaí ábalta a dtáirgí agus a seirbhísí a thabhairt chuig lucht spéise níos leithne. Féachtar leis an gcaighdeán cuidiú le heagraíochtaí cur chuige comhsheasmhach a úsáid agus aghaidh á tabhairt acu ar inrochtaineacht agus inúsáidteacht a dtáirgí agus a seirbhísí.

Tá sé beartaithe go mbeidh leis na ceanglais atá leagtha amach sa chaighdeán infheidhme maidir le gach eagraíocht beag beann ar an gcineál nó ar an méid a dhéanann nó a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí.

Coimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil IEC - Gairmithe Óga

Is é an IEC an phríomheagraíocht dhomhanda le haghaidh ullmhú agus fhoilsiú na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis na teicneolaíochtaí leictreacha, leictreonacha agus gaolmhara ar fad. Gach bliain tionólaíonn an IEC Clár Gairmithe Óga trína dtugtar le chéile sain-innealtóirí, sain-teicneoirí agus sainbhainisteoirí an domhain atá le teacht.

Tugtar deiseanna leis an gceardlann do ghairmithe óga chun páirt a ghlacadh i dtodhchaí an chaighdeánaithe idirnáisiúnta agus an mheasúnaithe comhréireachta sa réimse leictreicneolaíochta. In 2019, d'urraigh NSAI Innealtóir Comhshaoil, Rebecca Bennis agus an céimí GMIT PhD, Shane McHugo chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag an gCeardlann i Shang-hai, an tSín ó 21-25 Deireadh Fómhair 2019.

Nuálaíocht i nGníomh:



EN 17161:2019

Sheol NSAI agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) caighdeán úr um dhearadh chun cuidiú le eagraíochtaí a dtáirgí agus a seirbhísí a thabhairt chuig lucht spéise níos leithne i mí an Mheithimh. Tá EN 17161:2019 deartha le cuidiú le gnólachtaí maidir le cur chuige um dhearadh uilíoch le haghaidh inrochtaineachta a bhainistiú. Ciallaíonn sé sin gur féidir le réimse leathan daoine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas táirgí, earraí agus seirbhísí a rochtain, a thuiscint agus a úsáid.



MÉADREOLAÍOCHT

Tá an próiseas tomhais an-tábhachtach i mbeagnach gach réimse de ghníomhaíocht an duine, agus le bheith fóna, ní foláir nó go mbeidh tomhais tacaithe ag méadreolaíocht, eolaíocht an tomhais.

Bíonn an mhéadreolaíocht agus na córais aonad tomhais iontaofa ina gcuid fholaithe go minic de bhonneagar tíre. Le tomhais inrianaithe is féidir le náisiúin dul i mbun trádála ar bhonn domhanda, an bonneagar is gá a sholáthar chun tomhaltóirí a chosaint, tacú le forbairt thionsclaíoch, agus taca a chur faoin nuálaíocht agus taighde i measc earnálacha éagsúla.

Cinntíonn NSAI go ndéantar gnéithe an chórais náisiúnta tomhais a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú leis an trádáil agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le tomhas trí iontaofacht na dtomhas a mhéadú. Áirítear leis na gnéithe sin feidhmiú na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta.

AN tSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MHÉADREOLAÍOCHTA

Is í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (SNM) institiúid mhéadreolaíochta na hÉireann agus tá sí freagrach as na caighdeáin náisiúnta tomhais le haghaidh cainníochtaí fisiceacha a bhunú, a choimeád, a fhorbairt agus a scaipeadh. Cuireann eolaíocht an tomhais taca faoi gach sochaí forbartha. Le tráchtáil, eolaíocht, rialtas, oideachas agus dlí teastaíonn caighdeáin tomhais chruinne, iontaofa agus chomhsheasmhacha arna léiriú le Córais Idirnáisiúnta na nAonad (SI), arb é an córas tomhais atá aitheanta ar fud an domhain.

Tá eolaíocht an tomhais ríthábhachtach chun tacú le trádáil, taca a chur faoin nuálaíocht agus an bonneagar is gá a chur ar fáil chun ár saoránaigh ar fad a chosaint. Tá ról tábhachtach aige chomh maith lena chinntiú go dtarlódh fás eacnamaíoch i dtimpeallacht ina bhfuil na saoránaigh sábháilte agus cosanta, agus ag an am céanna freastal ar éilimh na ndúshlán domhanda amhail an t-athrú aeráide.

Tá na caighdeáin tomhais a choimeádann SNM ar na léirithe is cruinne de na haonaid SI atá ar fáil in Éirinn agus soláthraíonn siad an tairseach lenar féidir torthaí tomhais a rianú chuig Córas Idirnáisiúnta na nAonad (SI) le haghaidh caighdeáin tomhais maidir le cainníochtaí fisiceacha maise, faid, teochta, bogthaise, brú, voltais, frithsheasmhachta, toillis, fórsa, toirc, minicíochta, eatramh ama agus leibhéal fuaime.

Soláthraíonn SNM oiliúint agus seirbhísí calabraithe chomh maith.

AN tSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MHÉADREOLAÍOCHTA I bhFÓCAS

Tá taighde fós ina phríomh-chomhpháirt d'obair SNM le ranníocaíocht i 4 Chlár Méadreolaíochta Eorpacha/AE maidir le tionscadail Nuálaíochta agus Taighde (EMPIR) in 2019 agus scríobh sé i líon páipéir agus irisí eolaíochta. Lean an SNM lena sheirbhísí calabraithe náisiúnta a uasghrádú agus a shíneadh le dul le dul chun cinn sa teicneolaíocht tomhais.

Le linn na bliana rinneadh níos mó ná 4,700 uirlis a chalabhrú, agus i measc na ngnáthuirlisí bhí teirmiméadair dhigiteacha, méadair toirc, ilmhéadair dhigiteacha, tomhsairí pionna agus fáinne, tomhsairí fórsa agus cealla luchtaithe agus caighdeáin mhaise.

Thionóil SNM 30 bunchúrsaí lena n-áirítear bunchúrsaí i dTomhas agus Calabhrú, Neamhchinnteacht sa Chalabhrú, Mapáil Teochta Imfháluithe, Calabhrú Meáchan agus Cothromaíochta agus cúrsaí i gcalabhrú praiticiúil sa mhéadreolaíocht thoiseach agus leictreach. Lena chois sin, mar chuid dá chlár for-rochtana, d'óstáil SNM dhá mhac léinn INTRA de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus sholáthair sé an topaic agus maoirseacht le haghaidh tionscadal mic léinn na ceathrú bliana san Fhisic ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Mar chuid dá Chlár Idirbhliana, d'óstáil SNM NSAI 10 mac léinn idirbhliana le linn 2019.

4,798

CALABRÚ UIRLISÍ

3

CAIGHDEÁN TOMHAIS Á bhFORBAIRT

444

LÁ TAIGHDE CURTHA I gCRÍCH

30

CÚRSA TIONÓLTA

7

TIONSCADAL TAIGHDE

Nuálaíocht i nGníomh:



Athrú ar Aonad Tomhais SI

I mí an Mhárta, thug an tAire Stáit le Freagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen cuairt ar an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta chun athshainiú stairiúil an chileagraim a shonrú. Is é an 'cileagram leictreonach' seo an tomhais bonnlíne úr maise agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 21 Bealtaine 2019.



Am agus Minicíocht

I measc na ngníomhaíochtaí le linn 2019 bhí na caighdeáin acmhainne agus tomhais sna réimsí ama agus minicíochta agus teochta a fhorbairt agus a fheabhsú. Chuir SNM NSAI ríomhthairiscint rathúil i gcrích le haghaidh ceannach príomhchaighdeáin minicíochta, a cuireadh in aonad, ar an tslí sin, na hinrianaítheachta chuig príomhchaighdeáin Shaotharlann Náisiúnta Fhisiceach na Ríochta Aontaithe maidir le calabrú ama agus minicíochta.

Tá measúnú á dhéanamh ar chobhsaíocht an chaighdeáin caeisiam agus trealamh choimhdigh agus déanfar iarratas leis an BIPM i R2 2020 lena chur san áireamh i ríomh an Ama Uilíoch Láirnaigh (AUL) mar gurb é an caighdeán úr an tuiscint dhíreach ar shainmhíniú an tsoicind. Is é a bheidh mar thoradh air sin ar deireadh go ndearbhóidh Éire amscála náisiúnta aitheanta a choinneoidh SNM NSAI.

Teocht

Bunaíodh Pointe Triarach úr de chaighdeán Argóin, lena leathnaítear cumais tomhais teochta ag an leibhéal príomhúil síos go dtí -189 °C.

Athshainiú ar Chóras Idirnáisiúnta na nAonad (SI)

Rinneadh gaisce i mí na Bealtaine 2019 nuair a rinneadh ceann de na príomhcholúin eolaíochta, an cileagram a athshainiú. I ndiaidh vóta idir ceannaire na méadreolaíochta ó 60 náisiún, cuireadh an 'cileagram leictreonach' in ionad an chileagraim mhiotail fhisiciúil. Is é sin an tomhas bonnlíne maise anois. Mar bhall den Choinbhinsiún Méadar atá i bhfabhar an athshainithe, chuir NSAI fáilte roimh an athrú ar aghaidh don todhchaí.

Taighde

Ghlac baill foirne SNM páirt i gceithre thionscadal taighde EMPIR AE in 2019 agus is iad an comhordaitheoir ar thionscadal taighde VersiCal maidir le feabhas a chur ar bhonneagar tomhais na hEorpa le haghaidh tomhas coiscis leictirigh sa raon minicíochta fuaime. Chuir SNM páipéar dar teideal "Practical precision electrical impedance measurements for the 21st Century" i láthair chomh maith ag Congrès International de Métrologie, an chomhdháil méadreolaíochta is mó san Eoraip, ar a bhfreastalaíonn suas le 1,000 toscaire ó gach cearn den domhan.

Bhí SNM ina chomhúdar ar dhá pháipéar eolaíochta a cuireadh i láthair ag comhdháil Idirnáisiúnta teochta agus taise TEMPMEKO 2019 in Chengdu, an tSín. Bhain na páipéir le tionscadail taighde laistigh de EMPIR ar thopaicí maidir le teirmiméadracht radaíochta agus tomhas bogthaise.

Tá tionscadal ar fud na hEorpa á phiolótú ag SNM (An Mhéadreolaíocht Aertheochta (ATM)), a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas a chur ar an tuiscint ar chalabrú san aer (ó -80 °C go +60 °C) agus iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna maidir leis. Léiríonn sé sin na ceanglais tionscail toisc go bhfeidhmítear a lán tomhais chriticiúla teochta san aer, amhail in oighinn, i ngoradán, i gcuisneoirí agus i reoiteoirí. Táthar ar an eolas go mbíonn difear idir feidhmíocht brathadóra agus gnáthchalabrú teochta i bhfolcadáin leachta, agus nuair atá teocht san aer á tomhais.

MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

Soláthraíonn Méadreolaíocht Dhlíthiúil NSAI feidhm rialála. Seasann Méadreolaíocht Dhlíthiúil NSAI le cruinneas agus trédhearcacht i dtomhais trádála agus forfheidhmíonn sí é trí na huirlisí tomhais a úsáideann trádálaithe a iniúchadh agus a fhíorú agus trí earraí réamhphacáistithe a iniúchadh chun an chainníocht cheart a chinntiú.

Chun dearbhú dá leithéid a chur ar fáil maidir le comhlíonadh tomhais, glacann an tseirbhís samhail cur chuige cigireachta bunaithe ar riosca ina gcumhdaítear 40,000 trádálaí agus 75,000 uirlis tomhais ar fud na tíre. Tugann cigirí na Méadreolaíochta Dlíthiúla cuairt ar na mílte trádálaí gach bliain, agus déanann siad cigireacht ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus tá an chumhacht acu iad siúd nach gcomhlíonann an reachtaíocht a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Úsáideann MD 30 fóraitheoir údaráithe chun seirbhís fóirúcháin ar fud na tíre a chur ar fáil lena chinntiú go gcloíonn na huirlisí leis an reachtaíocht ábhartha. Leis an tseirbhís sin cinntítear leibhéil chomhsheasmhacha cruinnis na n-uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil.

4,269

CUAIRT TUGTHA AR ÁITRIBH

14,710

INIÚCHADH DÉANTA AR UIRLISÍ

6

FHEACHTAS SPRIODHÍRITHE

Cigireachtaí

Príomhchineál Uirlise

Líon na
gCigireachtaí

Dáileoírí Breosla Leachtaigh	6,460
Méadair tacsaithe	1,431
Meá Miondíola	4,613
Droichead meáchain - ainmhithe (e.g. i Marglanna)	55
Droichead meáchain - feithicil	353
Méadar Bainne	70
Meá Dramhaíola	75
Méadair ola feistithe ar thrucaílí (e.g. ola téimh tí a sheachadadh)	36

Nuálaíocht i nGníomh:



Seoladh Aip Cigireachta Tacsaithe le haghaidh Cigirí na Méadreolaíochta Dlíthiúla

Déantar cigireacht ar an méadar tacsaithe chun cruinneas a chinntiú agus chun muinín a chur ar fáil do thomhaltóirí go bhfuil na táillí a ghearrtar ar thurais i dtacsaí ceart gus cruinn. Tugadh Aip mhóibíleach isteach in 2019 do Chigirí, ionas gur féidir leo faisnéis a bhaineann le tacsaithe san fhóir-am a rochtain chun tacú lena ngníomhaíocht chigireachta.



MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

I bhFÓCAS

Comhlíonadh

Leanann an Méadreolaíochta Dhlíthiúil lena tábhacht a léiriú maidir le muinín a chur ar fáil don ghnó agus do thomhaltóirí go bhfuil na tomhais a úsáidtear sa trádáil cruinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais dhlíthiúla. Rinne rannóg na Méadreolaíochta Dlíthiúla os cionn 14,000 cigireacht ar uirlisí in 2019, agus thug siad cuairt ar níos mó ná 4,000 áitreabh. B'ionann an meánráta comhlíonta agus 87% anuraidh agus fuarthas i ngleic go hiomlán le gach cás neamhchomhlíonta a d'aimsigh lucht na Méadreolaíochta Dlíthiúla. Rinne an rannóg sé fheachtas spriocdhírthe in 2019 chomh maith.

Feachtas Spriocdhírthe

I ngeall ar mhéid na dtrádálaithe agus na n-uirlisí sa trádáil tá úsáid cigireachtaí bunaithe ar riosca agus tá feachtais spriocdhírthe lárnach maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thomhais trádála. Le linn 2019, stiúir MD 6 fheachtas spriocdhírthe maidir le:

- Próiseálaithe Éisc
- Aerfoirt
- Tacsaithe
- Meá Leighis – Tionscadal Eorpach – stiúir Éire an tionscadal seo le 10 dtír eile de chuid AE
- Bainne
- Áitreabh Ceadúnaithe

A luaithe a úsáidtear uirlis chun críocha trádála beidh an t-úinéir freagrach as a chinntiú go mbeidh sé comhlíontach i gcónaí. Cuireann MD comhlíonadh deonach trádálaithe chun cinn trí fheachtais faisnéise agus ardú feasachta. I gcás nach n-éiríonn leis an gcur chuige sin, tionscnófar beart eile. I gcás go bhfaightear go bhfuil uirlis neamhchomhlíonta i ndiaidh cigireachta féadfaidh cigire rabhadh a eisiúint, an uirlis a bhaint as úsáid trádála nó ionchúiseamh a mholadh.

Tugann an Méadreolaíocht Dhlíthiúil aird ar fhaisnéis a fhaightear maidir le hamhras faoi thomhais, agus déanfaidh sé, nuair is cuí, imscrúdú ar sháruithe líomhnaithe ar na hAchtanna mar chuid dár ról forfheidhmiúcháin.

Comhchigireachtaí

Chomh maith lenár gcigireachtaí féin a dhéanamh rinne rannóg na Méadreolaíochta Dlíthiúla roinnt comhchigireachtaí chomh maith leis an nGníomhaireacht um Chosaint lascaigh Mhara agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair I ngach cás, rinneadh iarracht chomhoibríoch na modheolaíochtaí cigireachta a chur chun cinn chun an tomhaltóir a chosaint ar bhealach níos fearr ó seo amach.

- Méadair tacsaithe leis an Údarás Náisiúnta Iompair
- Scálaí Sreabha san earnáil lascaigh leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara (SFPA)
- Uirlisí Meá Raonta Lastuas leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

DEIMHNIÚCHÁN

Measúnú Comhréireachta:

Is ionann Measúnú Comhréireachta agus dearbhú i scríbhinn (deimhniú) a sholáthraíonn comhlacht neamhspleách go gcomhlíonann an táirge, seirbhís nó córas ceanglais shonracha caighdeáin. Mar sin, soláthraíonn deimhniúchán an muinín bhreise sin do thomhaltóirí, cuidíonn sé le rialaitheoirí a chinntiú go gcomhlíonfar coinníollacha sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil, agus tugann sé buntáiste iomaíoch do chuideachta.

Le haghaidh roinnt tionscal, is ionann deimhniúchán agus ceanglas dlíthiúil nó conarthach. Laistigh den tionscal deimhniúcháin is ionann “Creidiúnú” agus aitheantas foirmiúil ag comhlacht neamhspleách, ar a dtugtar comhlacht um chreidiúnú go minic, go bhfuil comhlacht deimhniúcháin ag feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. Tá NSAI creidiúnaithe as raon éagsúil scéimeanna deimhniúcháin chun tacú le riachtanais gnólachtaí Éireannacha.

Le Deimhniúchán NSAI déantar deimhniúchán creidiúnaithe táirgí, seirbhísí agus eagraíochtaí maidir le comhlíonadh caighdeán aitheanta, ó chórais bainistíochta gnó go ceaduithe táirgí a chruthú, a choimeád agus a chur chun cinn.

Deimhníonn NSAI gnólachtaí ar fud earnálacha éagsúla lena n-áirítear iompar, tógáil, cógaisíocht, airgeadas, seirbhísí bia agus a lán eile.

Déantar seirbhísí deimhniúcháin a chatagóiriú ina gceithre phríomhaonad gnó;

- Feabhas Gnó
- Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha
- Feistí Leighis
- Tacaíocht Margaidh agus Rialála

Nuálaíocht i nGníomh:



Searmanais Deimhniúcháin

Deimhníonn NSAI gnólachtaí ar fud earnálacha éagsúla lena n-áirítear na hearnálacha iompair, cógaisíochta, airgeadais, seirbhísí bia, tógála agus a lán eile. Bhí John Logan agus Patricia Walsh ó Chalafort Chorcaí ar cheann de 23 cuideachta ar bhronn an tAire Breen a ndeimhniúchán orthu ag searmanais deimhniúcháin NSAI a bhíonn ar siúl dhá uair sa bhliain, searmanais ina ndéantar éachtaí cuideachtaí a aithint agus a cheiliúradh ar bhonn foirmiúil.



DEIMHNIÚCHÁN I bhFÓCAS

Feabhas Gnó

Díríonn rannán Fheabhas Gnó NSAI go príomha ar chaighdeán córas bainistíochta, lena sainítear an dóigh a mbainistíonn eagraíocht gach cuid dá próisis ghnó chun a spriocanna agus a cuspóirí a bhaint amach. Mar chomhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin, soláthraíonn NSAI deimhniúchán neamhspleách d'eagraíochtaí lena gcuirtear ar a gcumas comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta a thaispeáint, lena féidir leo a ngnólachtaí a fheidhmiú chuig na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

Áirítear iad seo a leanas ar an réimse Córas Bainistíochta a thairgeann NSAI:

- Bainistíocht Cáilíochta (ISO 9001)
- bainistíocht an Chomhshaoil (ISO 14001)
- Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde (ISO 45001)
- Faisnéis Slándála (ISO 27001)
- Bainistíocht Fuinnimh (ISO 50001)

Is príomhchomhlacht deimhniúcháin é NSAI chomh maith maidir le huasghrádú a dhéanamh ar ISO 45001:2018 le haghaidh Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde. Leis an gcaighdeán seo sonraítear ceanglais maidir le córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde agus tugtar treoir leis d'eagraíochtaí maidir le láithreacha sábháilte agus sláintiúla a chur ar fáil trí dhíobhálacha a bhaineann leis an obair a laghdú agus tríd an bhfolláine sa timpeallacht oibre a fheabhsú.

2,300

INIÚCHADH CURTHA I gCRÍCH AR FUD 50 TÍR

218

DEIMHNIÚCHÁN ÚR CÓRAS BAINISTÍOCHTA
EISITHE IN 2019

2,608

EAGRAÍOCHT AG A RAIBH DEIMHNIÚCHÁN
CÓRAS BAINISTÍOCHTA IN 2019

Nuálaíocht i nGníomh:



Caighdeán um Fhaisnéis Slándála

Ó bheith creidiúnaithe anois chun deimhniú go ISO 27001 in 2018, tá méadú suntasach tagtha ar an tsuim sa Chaighdeán um Fhaisnéis Slándála atá aitheanta ar fud an domhain. Agus aghaidh á tabhairt ar shonraí agus ar chosaint sonraí, leis an gcaighdeán cuirtear creat ar fáil d'eagraíocht chun bainistiú a dhéanamh ar a bhfaisnéis ar líne agus as líne araon. Tairgtear cosán leis chomh maith go dtí comhlíonadh i gcomhthéacs measúnú riosca, fógra um shárú agus bainistíocht sócmhainní.





Ceaduithe maidir le Táirgí Foirgníochta

Tháinig méadú ar líon iniúchtaí Mharc CE táirgí foirgníochta, de réir mar atáthar ag brath níos mó ar dheimhniúchán lena léiriú go gcomhlíonann táirgí agus córais tógála ceanglais na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta.



Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

Le méadú os cionn €2 bhilliún ar an luach ionchuir ó 2018 go 2019, níor léirigh an earnáil tógála moilliú ar bith in 2019. Cuireadh níos mó ná 21 míle áit chónaithe i gcrích ar fud an stáit anuraidh, rud a léiríonn athbheochan leanúnach na gníomhaíochta san earnáil. Meastar le Tionscadal Éire 2040 go mbeidh 550,000 teach de dhíth thar an 20 bliain amach romhainn, agus tugann an Plean Forbartha Náisiúnta €11.6 billiún chun 112,000 teach sóisialta úr a sholáthar faoi 2027.

In 2019 lean an fás ar fud na seirbhísí uile atá á dtairiscint ag rannán na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha. Tá iarratais ar mharcáil CE agus IAB fós láidir. Lean an líon iniúchtaí Mharc CE ar tháirgí tógála ag méadú de réir mar atáthar ag brath níos mó ar dheimhniúchán lena léiriú go gcomhlíonann táirgí agus córais tógála ceanglais na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta.

Ag amharc ar an am atá le teacht, leanfaidh NSAI ag obair leis an Roinn Tithíochta sna réimsí maidir le cosaint radóin, foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB), aerú agus forbairt Chuid L de na rialacháin foirgníochta. Oibrímid roinnt scéimeanna níos lú chomh maith chun tacú leis an Roinn Tithíochta amhail Samhlú Teirmeach, Aerdhíonacht agus Feidhmíocht Fuinnimh Fuinneog.

236

CUIDEACHTA DEIMHNITHE LE HAGHAIDH SCÉIMEANNA INSLITHE TÓGÁLA

785

INIÚCHADH TÁIRGÍ LE MARCÁIL CE

972

CEADÚ MAIDIR LE TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA (BORD AONTAITHE NA HÉIREANN AGUS MARCÁIL CE)

71

GNÓLACHT DEIMHNITHE DE RÉIR I.S. EN ISO 50001:2011- CÓRAIS BAINISTÍOCHTA FUINNIMH

Feistí Leighis

Meastar Éire mar lárionad le haghaidh an tionscail feistí leighis ar fud an domhain. Fostaítear os cionn 40 míle duine anseo, agus tá honnmhairí bliantúla táirgí leighis ó Éirinn measta ag os cionn €12 bhilliún. Tá cuir chuige nua á lorg an tionscal agus ag an Rialtas i gcónaí chun cuidiú le hÉirinn feabhas a chur ar an iomaíocht, agus tá NSAI ailínithe leis an gcur chuige straitéiseach seo, ag tairiscint raon iomlán seirbhísí a bhaineann le Caighdeán Córas Bainistíochta agus Seirbhísí Deimhniúcháin Táirgí don earnáil.

Tá NSAI ar cheann de 13 eagraíocht go díreach ar fud an domhain ar Eagraíocht Iniúchtóireachta aitheanta é Le haghaidh an Chláir Iniúchtóireachta Aonair Feistí Leighis (MDSAP). Tá ár n-iarratas ar ainmniúchán faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis agus faoin Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro á chur chun cinn againn leis an gCoimisiún Eorpach agus an Údarás Rialála Táirgí Sláinte.

Tríd an ainmniúchán a fháil cuirfear tuilleadh feabhais ar stádas NSAI mar chomhlacht a dtugtar fógra dó agus ciallóidh sé go mbeidh comhlacht dúchasach a dtugtar fógra dó ag Éirinn chun córais um bainistíocht cáilíochta feistí leighis agus táirgí feistí leighis lena gcur ar an margadh Eorpach a mheasúnú agus a dheimhniú. Tá súil ag NSAI go ndéanfaidh sé a lorg Éireannach a leathnú tuilleadh trí chuidiú a thabhairt do FBManna Éireannacha, agus tacú á thabhairt do thionscal a bheidh bunaithe ar fud an domhain.

127

CEADÚ TÁIRGÍ FEISTE LEIGHIS

311

LÍON IOMLÁN NA dTÁIRGÍ FEISTÍ LEIGHIS A DEIMHNÍODH

2,101

LÁ INIÚCHÓIREACHTA FEISTÍ LEIGHIS 2019

Nuálaíocht i nGníomh:



Eagraíocht Iniúchtóireachta

I mí Eanáir, bhain NSAI aitheantas maidir leis an 'gClár Iniúchtóireachta' faoin gClár Iniúchtóireachta Aonair Feistí Leighis (MDSAP) amach. Tá NSAI ar cheann de 13 chomhlacht deimhniúcháin ar fud an domhain go díreach ag a bhfuil na scileanna, an saineolas agus na cumais monaróirí feistí leighis a dheimhniú go MDSAP. Leis an gclár is féidir iniúchadh aonair a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta de chuid monaróir feistí leighis a shásaíonn ceanglais idlínsí rialála.





Oiriúnuithe Feithiclí

Cuireadh córas úr iarratas ar líne le haghaidh oiriúnuithe feithicle do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, rud a laghdaigh na hagaí tionscanta faoina leath beagnach. Faoi na scéimeanna sin, glactar le ceadú ó NSAI ar fud an Aontais Eorpaigh.



Tacaíocht Margaidh agus Rialála

Tá NSAI freagrach as réimse scéimeanna lena bhfeabhsaítear gnéithe sábháilteachta agus comhshaoil na bhfeithiclí ar an mbóthar in Éirinn agus san Eoraip le soláthar raon seirbhísí deimhniúcháin Mótarfheithiclí ina gcuimsítear Cineálcheadú Eorpach, Cineálcheadú Náisiúnta agus Ceadú Feithiclí Aonair le haghaidh feithiclí agus a gcomhpháirteanna.

Lena chois sin ceadaíonn NSAI ionaid tástála (ATCanna) agus ceardlanna údaraithe ar fud na tíre le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le Tacagraf, Plátáil agus Luasteorantóirí Bóithre.

Rinneadh obair shuntasach ar an aistriú go dtí na ceanglais úra um Thacagraf cliste agus cur chun feidhme sonraí, mar aon le forbairt leanúnach próisis úr le haghaidh iniúchtaí Tacagraif.

Le linn 2019, bhí méadú 12% ar iarratais AE/UNECE, agus forbraíodh roinnt uasghráduithe córais próisis chun feabhas a chur ar na próisis ceaduithe mótarfheithiclí agus ar na seirbhísí do chliant.

Cineálcheadú Náisiúnta:

- Cuireadh córas úr iarratas ar líne le haghaidh Oiriúnuithe Feithicle do Dhaoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe, agus is ionann na hagaí tionscanta anois agus 3 lá, laghdú os cionn 60%.
- Cuireadh tús le hobair chun catagóir M (carranna paisinéirí, busanna agus cóistí) O (leantóirí a tharraingíonn carranna nó busanna).

Cineálcheadú Eorpach:

- D'éirigh lenár gcóras iarratas ar cheadú astaíochtaí saothair éadroim 715/2007/CE maidir le laghdú 50% ar agaí tionscanta a bhaint amach. Tá sé beartaithe an córas seo a leathnú chuig feidhmeanna Eorpacha eile go ceann i bhfad.

9,008

CEADÚ MÓTARFEITHICLÍ EISITHE
LE LINN 2019

3,427

CEADÚ FEITHICLÍ AONAIR DO THIOMÁNAITHE
FAOI MHÍCHUMAS

1,404

CEADÚ FEITHICLÍ AONAIR DO
CHATAGÓIRÍ EILE

4,084

CEADÚ AE/NA CÓRAS AGUS
COMHPHÁIRTEANNA FEITHICLÍ

93

CINEÁLCHHEADÚ NÁISIÚNTA
SRAITHEANNA BEAGA

NSAI Inc.

Soláthraíonn NSAI Inc. réimse leathan seirbhísí deimhniúcháin maidir le Córais Bainistíochta agus Feistí Leighis do bhonn cliant idirnáisiúnta den chuid is mó. Leis na gníomhaíochtaí sin cuirtear NSAI Inc. ag gcroílár na tacaíochta d'inniúlachtaí teicniúla foriomlána agus próifíl cliant idirnáisiúnta NSAI.

Leis an láithreacht idirnáisiúnta soláthraítear táscaire luath ar threochtaí amach anseo le haghaidh scéimeanna idirnáisiúnta deimhniúcháin amhail caighdeán R2 i gcomhair athchúrsáil leictreonach inbhuanaithe.

Le linn 2019, dhírigh NSAI Inc. ar a phríomhghnó um Chórais Bainistíochta a leathnú sna cláir ar fad, a raibh beagnach dhá oiread deimhniúchán úr i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar thoradh air. Mar fhreagairt ar riachtanais cliant, ghnóthaigh NSAI Inc. creidiúnú ANAB go dtí ISO 45001, an caighdeán um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta chomh maith.

Maidir le Feistí Leighis, bhí an bhéim ar ullmhú le haghaidh chur chun feidhme an MDR lena soláthrófar an bonn d'fhás amach anseo.

227

DEIMHNIÚCHÁN ÚR CÓRAS BAINISTÍOCHTA EISITHE

18

DEIMHNIÚCHÁN ÚR FEISTÍ LEIGHIS DEIMHNITHE

516


CLIAINT CÓRAS BAINISTÍOCHTA AS 928
SAORÁID DEIMHNITHE

Nuálaíocht i nGníomh:



Scéim R2

Ghnóthaigh NSAI Inc creidiúnú chun deimhniúchán R2 a sholáthar, ar clár ar fud an domhain é a thacaíonn le hathchúrsáil inbhuanaithe trealamh leictreonaigh.



BREXIT

Bunaíodh Aonad Brexit NSAI in 2018 chun tacú le gnó na hÉireann maidir le tionchar Brexit ar dheimhniúchán agus ar chaighdeán táirgí a mhaolú.

Le linn 2019, sholáthair Aonad Brexit anailís agus comhairle theicniúil chomhordaithe don Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le caighdeán, deimhniúchán táirgí agus an dóigh a bhféadfaí dul i bhfeidhm orthu tríd an gComhaontú um Tharraingt Siar, tríd an bPrótacal ar Éirinn-Thuaisceart Éireann agus torthaí éagsúla Brexit a d'fhéadfadh a bheith ann.

Mar fhreagairt ar bhuarthaí faoi raon feidhme comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh atá bunaithe in Éirinn, bhunaigh Aonad Brexit NSAI Lónra na gComhlachtaí Éireannacha a dtugtar Fógra Dóibh chun tacú le Comhlachtaí AE a dtugtar Fógra Dóibh atá bunaithe in Éirinn méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus ar leibhéal rannpháirtíochta Comhlachtaí a dtugtar Fógra Dóibh atá bunaithe in Éirinn san Aontas Eorpach agus i struchtúir idirnáisiúnta (tionóladh 4 chruinniú). In 2019 mhéadaigh líon na gcomhlachtaí a dtugtar fógra dóibh in Éirinn ó 8 go 15.

Áiríodh ar na imeachtaí chomh maith líon seisiún faisnéise Brexit ar fud na tíre, agus imeachta speisialaithe don earnáil tógála (i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil) agus Feistí Leighis (le Fiontraíocht Éireann).

Thacaigh NSAI le feachtas “Getting Ireland Brexit Ready” na hÉireann, lena n-áirítear seastán bheith ag NSAI i Mol Brexit ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCeatharlach agus páirt a ghlacadh in imeachtaí Brexit arna n-eagrú ag Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte, agus ag na Coimisinéirí Ioncaim.

80

FIOSRUITHE TEICNIÚLA BREXIT

6

IMEACHTAÍ BREXIT NSAI

15

NSAI AG TACÚ LEIS AN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLÁÍOCHTA AGUS IMEACHTAÍ RANNA EILE

2

IMEACHTAÍ TIONSCAIL

Nuálaíocht i nGníomh:

Príomhtheachtaireachtaí maidir le tionchair Brexit a chur in iúl

D'óstáil Aonad Brexit NSAI sraith seimineár faisnéise, chuir siad le comhdhálacha tionscail agus d'fhreastail siad ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2019. Tá príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl maidir le tionchair Brexit i ndáil le caighdeán agus deimhniúchán, tógáil, feistí leighis agus soláthar glas fós ina ardtosaíocht do NSAI.



RIALACHAS & CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Comhaltaí Boird	27
Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	28
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	35
Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta	40
An Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	41
An Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach	42
Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais	43
Ráiteas NSAI maidir leis an Staid Airgeadais	44
Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreafaí Airgid Thirim	45
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	46

COMHALTAÍ BOIRD 2019



James Kennedy
Cathaoirleach NSAI



Geraldine Larkin
POF NSAI



Roger Blackburn



Valerie Bowens



Piers Devereux



Aideen Goggin



Terry Landers



Maria McKeown



An Dr Aidan O'Boyle



Marie O'Connell



Barry Smith



Conor Verdon



Fergal O Byrne
Éirithe as in Aibreán 2019



Deirdre O Hara
Éirithe as in Aibreán 2019



Kieran Ryan
Éirithe as in Aibreán 2019



Deirdre Smith
Éirithe as i Meán Fómhair 2019



Nina Brennan
Éirithe as in Aibreán 2019

RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Sainítear feidhmeanna reachtúla NSAI laistigh de na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996;
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na príomhchláir um méadreolaíocht, um chaighdeánú, um méadreolaíocht dhlíthiúil le haghaidh na dtomhas agus na n-uirlisí meá a úsáidtear sa trádáil agus i measúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Feidhmíonn NSAI faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a bhfuil an chumhacht aige chun; cistí a chur ar fáil do NSAI chun go mbeidh sé ábalta a oibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha beartas ginearálta a eisiúint; agus faisnéis a iarradh maidir le gníomhaíochtaí NSAI.

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar NSAI cloí le réimse ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach sin a chinntiú.

Rialachas

Bunaíodh Bord Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faoi Acht NSAI 1996. Tá feidhmeanna NSAI leagtha amach i gCuid 2 alt 7 den Acht sin.

Tá an Bord cuntasach don Aire Stáit ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an fhreagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí agus atá freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an sainchúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomhcheisteanna gnó.

Is faoi fhreagracht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) agus na foirne bainistíochta sinsearaí atá bainistíocht, rialú agus treoir rialta laethúil NSAI. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir straitéiseach leathan arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na gcomhaltaí Boird ar fad ar na gníomhaíochtaí agus cinntí móra a bhaineann leis an eintiteas, agus maidir le rioscaí suntasacha ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus lucht bainistíochta NSAI.

Feidhmíonn an tÚdarás i gcomhréir le treoirlínte an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, (an Cód) arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá ról agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais NSAI ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. Áirítear iad seo a leanas ar ítimí buana a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascálacha ó choistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta,
- Bainistíocht Riosca
- Rialachas Corparáideach agus
- Cúrsaí forchoimeáda.

Le hAlt 8(2) den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996 ceanglaítear ar NSAI gach cuntas airgid is cuí agus is gnáth a fhaightear agus a chaitear ann a choinneáil i cibé foirm a fhaomhadh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus, go háirithe, gach cuntas speisialta a choinneáil i cibé foirm arna lua thuas a ordódh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go chéile. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar NSAI:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh NSAI i mbun oibre.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an ghrúpa lena n-áirítear an fhochuideachta atá ar lánúinéireacht, NSAI Inc, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht NSAI, faoi threoir thuairisciú PTF an Phríomhfheidhmeannaigh agus tuarascálacha bainistíochta airgeadais don Bhord.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cruinn i ráitis airgeadais NSAI ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NSAI amhail an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Ceapann an tAire na Comhaltaí, i gcomhréir le forálacha Acht NSAI 1996, as i measc na leasanna sin atá bainteach leis an bpróiseas um chaighdeánú agus deimhniúchán tráchtarraí, próisis agus cleachtais, gan leas amháin ar bith chun tosaigh.

Cuimsítear ar an mBord freagrach 13 chomhalta: Cathaoirleach agus 12 Chomhalta, a cheapann an tAire Stáit ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an fhreagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí. Is comhalta ex-officio an tOifigeach Feidhmiúcháin ar feadh théarma a conartha.

Ceaptar comhaltaí sa Bhord ar bhonn bliantúil, ar chomóradh lá bunaithe NSAI, nuair a éiríonn na trí Chomhalta is faide fónamh as an mBord. I ngeall ar thuilleadh daoine ag éirigh as an mBord agus i gcomhréir le hAcht NSAI 1996, rinne an tAire ceithre Chomhalta úra a cheapadh agus rinne sé Comhalta amháin a bhí le héirí as in 2019 a athcheapadh.

Tagann an Bord le chéile dhá uair sa mhí agus thionóil sé 6 chruinniú in 2019. Tá an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird le haghaidh 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a íocadh le gach comhalta sa bhliain.

Comhaltaí Boird	Ceaptha ar dTús	Éirithe As	Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird agus Comhaltaí Coistí (Nóta 2)				Táillí 2019	Speansais 2019
			Bord	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Ainmniúchán	Coiste Rialachais		
			6 Cruinnithe	4 Cruinnithe	2 Cruinnithe	2 Cruinnithe		
An tUasal J. Kennedy Cathaoirleach	9 Aibreán 2018		6 (6)		2 (2)		11,929	7,069
An tUasal K. Ryan Leas-Chathaoirleach	15 Aibreán 2009	14 Aibreán 2019	1 (1)				2,212	0
An tUasal R. Blackburn Cathaoirleach CIR	20 Meitheamh 2016		6 (6)	4 (4)			7,668	0
V. Bowens, Uasal	12 Bealtaine 2014		5 (6)			2 (2)	7,668	654
N. Brennan, Uasal (Nóta 1)	20 Meitheamh 2016	16 Aibreán 2019	1 (1)	1 (1)			0	0
An tUasal. P. Devereux	30 Bealtaine 2019		3 (4)	1 (2)			4,483	847
A. Goggin, Uasal Leas-Chathaoirleach – Cathaoirleach an Choiste Rialachais (Nóta 1)	31 Eanáir 2013		5 (6)			2 (2)	0	303
An tUasal T. Landers NSAI Inc. Cathaoirleach	6 Márta 2012		5 (6)		2 (2)		7,668	0
M. McKeown, Uasal (Nóta 1)	6 Samhain 2019		2 (2)				0	0
M. O' Connell, Uasal	30 Bealtaine 2019		3 (4)			1 (1)	4,483	405
An Dr A. O'Boyle	12 Bealtaine 2014		6 (6)	4 (4)			7,668	0
An tUasal F O'Byrne (Nóta 1)	17 Aibreán 2018	4 Aibreán 2019	1 (1)				0	0
D. O'Hara, Uasal Rialachas Coiste Cathaoirleach	31 Eanáir 2013	14 Aibreán 2019	1 (1)			1 (1)	2,212	1,025
D. Smith, Uasal	12 Bealtaine 2014	6 Meán Fómhair 2019	3 (3)	2 (2)	1 (1)		5,309	348
An tUasal B. Smith (Nóta 1)	17 Aibreán 2018		3 (6)			1 (2)	0	0
An tUasal C. Verdon (Nóta 1)	16 Aibreán 2019		5 (5)	2 (2)			0	0
G. Larkin, Uasal Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhalta ex-officio (Nóta 1)	20 Feabhra 2017		6 (6)		2 (2)		0	0
Táillí agus Speansais an Bhoird							61,300	10,651

Nótaí

1. Níl luach saothair iníoctha i gcomhréir le príomhaithe OPOS.
2. Incháilitheacht comhaltaí freastal ar roinnt cruinnithe in () bunaithe ar dhátaí ceapacháin agus scoir.

Táillí agus Speansais an Bhoird

Íoctar táillí na gComhaltaí Boird i gcomhréir leis an mBarántas Ceapacháin.

Déantar speansais a phróiseáil ag na rátaí agus faoi réir na rialachán is iomchuí maidir leis na Státseirbhísigh den ghrád is airde.

Éifeachtúlacht agus Meastóireacht an Bhoird

Chuir an Bord Athbhreithniú inmheánach ar Éifeachtúlacht an Bhoird i gcrích i mí na Nollag 2019 a ndearna an Bord athbhreithniú air agus a ghlac sé i mí Feabhra 2020.

Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord trí choiste, faoi mar a leanas:

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Agus ceithre chomhalta Boird ar a laghad ann tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht na heagraíochta. Is príomh-chomhpháirt é an CIR den rialachas agus de na córais rialuithe inmheánacha arna gcur chun feidhme ag an mBord. Is é ról an CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna maidir le riosca, an timpeallacht rialaithe, tuairisciú airgeadais agus dearbhuithe bainteacha. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i dtuarascáil bhliantúil don Bhord. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2019. Freastalaíonn an lucht bainistíochta ar iarratas ó Chathaoirleach CIR agus tagann an CIR le chéile leis na hiniúcháirí gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair.

Comhaltaí an Choiste le haghaidh 2019

An tUasal R. Blackburn – Cathaoirleach

An tUasal. P. Devereux

An Dr A. O'Boyle

N. Brennan, Uasal

D. Smith, Uasal

An tUasal C. Verdon

Coiste Ainmniúchán

Agus ceithre chomhalta Boird ann, is é príomhról an Choiste Ainmniúchán athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh leis an mBord i ndáil le ceapacháin agus pleanáil chomharbais agus na dúshláin agus na deiseanna atá os comhair NSAI, agus na scileanna agus an saineolas a theastaíonn ar an mBord á mbreithniú. Mura bhfuil an Príomhfheidhmeannach i láthair, tacaíonn an coiste le riachtanais an Bhoird chomh maith maidir le Ceapachán agus Feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2019.

Comhaltaí an Choiste le haghaidh 2019

An tUasal J. Kennedy – Chathaoirleach

D. Smith, Uasal

An tUasal T. Landers

G. Larkin, Uasal

Coiste Rialachais

Agus ceithre chomhalta Boird ann is é príomhról an Choiste Rialachais struchtúir rialachais chorpáidigh fhoriomlána NSAI a shainiú agus a chur in iúl lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Treoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach is infheidhme do NSAI a fhorbairt agus a mholadh don Bord lena bhfaomhadh agus athmheasúnú a dhéanamh ar na treoirlínte sin agus athruithe beartaithe ar bith a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé dhá chruinniú in 2019.

Comhaltaí an Choiste le haghaidh 2019

D. O'Hara, Uasal – Cathaoirleach (28 Márta 2019)

V. Bowens, Uasal

A. Goggin, Uasal – Cathaoirleach (14 Samhain 2019)

M. O'Connell, Uasal

An tUasal B. Smith

NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM an 1 Iúil, 1997 mar chorporáid sheachbhrabúsach faoi lánúinéireacht NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin reatha agus bheartaithe na hÉireann agus caighdeáin reatha agus bheartaithe AE, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus meastóireacht ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus ar dheimhniúcháin chun cloí le caighdeáin AE, caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin Idirnáisiúnta. Cloíonn eintiteas SAM le ceanglais rialacháin chónaidhmeacha agus stáit SAM.

Tá an fhochuideachta faoi réir na rialuithe sonracha bainistíochta agus nós imeachta arna bhfaomhadh ag Bord NSAI Inc. agus tá siad cuimsithe laistigh de na ráitis fhoriomlána seo maidir le comhlíonadh agus éifeachtúlacht rialuithe. Tá trí chomhalta de Bhord NSAI Inc. ina gcomhaltaí ar Bhord NSAI.

Feidhmíonn Bord NSAI Inc. i gcomhréir le nósanna imeachta rialachais arna bhfaomhadh ag an mBord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2019.

Líon na gCruinnithe 3

An tUasal T. Landers – Cathaoirleach	3
V. Bowens, Uasal	3
G. Larkin Uasal – Príomhfheidhmeannach	3
An tUasal C. Morrell – NSAI Inc.	3

Nochtadh arna Cheangal leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh NSAI le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na nÚdarás maidir leis an gCód agus a Chreat Dearbhaithe tá na comhaltaí sásta gur comhlíonadh ceanglais um nochtadh an Chóid go hiomlán laistigh de na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear;

- Caiteachas Taistil agus Cothaithe – Nóta 3(b)
- Sainchomhairleoireacht – Nóta 3(d)
- Fáilteachas – Nóta 3(f)
- Miondealú ar shochair fostaithe – Nóta 3(g)

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Ní raibh athruithe ar bith ar an bpríomhphearsanra in 2019.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Tá Ráiteas cuimsitheach maidir le Rialú Inmheánach cuimsithe sna Ráitis Airgeadais.

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh costais dhlíthiúla nó socraíochtaí ar bith. Nochtar costais dhlíthiúla faoi chostais sainchomhairleoireachta i gcomhréir leis an gCód.

Timpeallacht Rialachais i gCoitinne

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin agus leis an gCód, ceanglaítear ar NSAI chomh maith cloí le réimse ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach seo a leanas a chinntiú:

Rialachán AE Uimh. 1025/2012 maidir le Caighdeánú Eorpach

Fuair NSAI fógra ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar an comhlacht náisiúnta caighdeán le haghaidh CEN, CENELEC agus ETSI faoi Rialachán AE maidir le Caighdeánú agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí um chaighdeánú a fhoilsiú.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Caighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus rialacháin leantacha

I gcomhréir le forálacha na nAchtanna, ceanglaítear ar gach Comhalta agus ar gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu cloí le forálacha na nAchtanna.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2012

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Soláthraíonn NSAI roinnt scéimeanna, amhail forbairt na foirne, sosanna gairme agus socruithe oibre solúbtha, rud a chuidíonn le timpeallacht cothromaíochta oibre is saoil a fhorbairt do na baill foirne uile.

Tá beartas maidir le Dínit ag an Obair i bhfeidhm agus cuireadh in iúl do na baill foirne ar fad é.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann NSAI bearta cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus gach cuairteora a chosaint i gcomhréir le forálacha an Achta sin.

Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críocha an Achta. Mar sin féin, cloíonn NSAI leis na nósanna imeachta sna hAchtanna sin chun foráil a dhéanamh i leith ionadaíocht ball foirne ar an mBord.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní bhfuair NSAI nochtadh cosanta ar bith le linn na tréimhse tuairiscithe 1 Eanáir 2019 go dtí 31 Eanáir 2019.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Cloíonn NSAI le forálacha an Achta sin. Bunaítear leis an Acht na cearta reachtúla seo a leanas:

- Rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Go ndéanfaí faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí a bhaineann leis an duine aonair sin a leasú i gcás go bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Rochtain ar thaifid maidir le cinntí a bhaineann leis an duine a rinne an comhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, NSAI, 1 Cearnóg Swift, an Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Tá NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus cloíonn sé le forálacha na nAchtanna sin.

Cóid Caiteachais Phoiblí

Bhunaigh NSAI nósanna imeachta atá comhsheasmhach leis na prionsabail atá leagtha amach sa chód seo.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhirt Tráchtála) 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh NSAI le forálacha an Achta sin i ngach cás ábhartha.

Íocaíocht Phras le Soláthraithe

Tá NSAI tiomanta dá chinntiú go ndéanfar gach sonrasc bailí soláthraithe a íoc go pras, faoi Riail Íocaíochta Praise 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Tuairiscíonn NSAI ar bhonn ráithiúil ar an suíomh gréasáin maidir leis an bhfeidhmíocht i gcoinne an cheanglais sin.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá NSAI tiomanta do gach iarracht is féidir a dhéanamh le bheith éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. De réir Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí de chuid ÚIFÉ maidir le dul chun cinn na hearnála poiblí i dtreo sprioc coigiltis fuinnimh 33% a bhaint amach le haghaidh dheireadh 2020 tuairiscítear gur bhain NSAI coigilteas fuinnimh 7.5% níos fearr ná 2018, agus laghdú 27.8% níos fearr ná an bhonnlíne maidir le feidhmíocht fuinnimh amach.

Glacann NSAI páirt i gcreat-chomhaontuithe maidir le soláthar leictreachais agus gáis a fhaigheann an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go lárnach.

Cairt Custaiméirí

I gCairt Chustaiméirí NSAI leagtar amach ár dtiomantas do sheirbhísí ardchaighdeán dár gcustaiméirí agus tá sé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán “Maidir le NSAI – An dTeastaíonn Uait Teagmháil a Dhéanamh – Gealltanas don tSeirbhís do Chustaiméirí agus an Nós Imeachta Gearán” den suíomh gréasáin. Cuimsítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980 agus an Achta um Ombudsman do Leanaí 2002.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I gcomhréir le halt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla.

Rialachán (I.R. 279 de 2005) maidir le Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid

Cloíonn NSAI le ceanglais uile an rialacháin maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinne an Bord athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha agus ar chreat dearbhaithe NSAI. Bunaithe ar an athbhreithniú sin dearbhaíonn an Bord dearbhú réasúnta gur chloígh NSAI leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2019.



JAMES KENNEDY

Cathaoirleach

30 Meitheamh 2020

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar cheann an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú laistigh den eagraíocht ina gcuimsítear fochuideachta NSAI Inc atá faoi lánúinéireacht NSAI. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear leis an córas um rialú inmheánach rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseach NSAI a bhaint amach agus na cistí poiblí agus cistí eile agus na sócmhainní as a bhfuil NSAI freagrach á gcosaint.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú go cuí agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earraí nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath i dtréimhse thráthúil agus go ndéantar beart ceartaitheach nuair is gá. Tá Córas um Rialú Inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú.

Bhí an Córas um Rialú Inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in NSAI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Timpeallacht Rialaithe, Riosca agus Nósanna Imeachta

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag NSAI ina bhfuil comhaltaí Boird ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta. Tháinig CIR le chéile 4 huairé in 2019. Cuirtear bonn eolais faoin bhfeidhm iniúcháireachta (seirbhís seachfhoinsithe) inmheánaí agus faoina clár oibre le hanailís ar cheisteanna riosca agus rialaithe laistigh de NSAI. Déanann an CIR an plean iniúcháireachta inmheánaí a fhaomhadh agus tugann sé comhairle don Bhord faoi. Lena chois sin, tá NSAI faoi réir athbhreithnithe creidiúnaithe, bainistíochta cáilíochta agus athbhreithnithe eile chomh maith a dhéanann tríú páirtithe agus a bhreithníonn an lucht Bainistíochta.

Tá coistí Rialachais agus Ainmniúcháin ag NSAI ina gcuimsítear comhaltaí boird agus faomhadh an Bord na téarmaí tagartha. Soláthraíonn na coistí sin tuarascálacha rialta don Bhord.

Tá creat agus próiseas bainistíochta riosca foriomlán ag NSAI lena bhfuil beartas bainistíochta riosca agus ráiteas um inghlacthacht riosca. Tá an bearta bainistíochta riosca ar fáil don fhoireann uile. Tá Ról Príomhoifigigh Riosca ann. Breithníonn an lucht Bainistíochta an clár riosca chorparáidigh sula ndéanann an CIR athbhreithniú air agus sula gcuirtear i láthair an Bhoird é. Tá bainistíocht riosca ina hítim rialta ar chlár oibre an Bhoird.

Tá bearta déanta ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Cód Iompair Ghnó lena gceanglaítear ar na comhaltaí Boird, ar an lucht bainistíochta agus ar na baill foirne na caighdeán eiticíúla is airde a choimeád,
- comhlíonadh cheanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí a chinntiú,
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht ar fheidhmíocht na foirne agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- athbhreithnithe córasacha ag Iniúcháireacht Inmheánach na gceisteanna maidir le rialú inmheánach agus rioscaí,
- nósanna imeachta taifeadta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad,
- cláir shonracha oiliúna agus feasachta a cheaptar chun na rioscaí a shainaithnítear maidir le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn agus fadhbanna suntasacha comhlíonta a mhaolú,
- cúrsaí a fhorchoimeádtar don Bhord lena gcinneadh,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus cuntasachta comhfhreagraí ar an leibhéal bainistíochta,
- córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil atá faoi réir fhaomhadh an Bhoird,
- córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ina ndírítear ar shlándáil agus athléimneacht na gcórais teicneolaíochta faisnéise,
- córas rialaithe airgeadais i bhfeidhm chun maoirseacht na n-acmhainní airgeadais agus cosaint sócmhainní a chinntiú,
- nósanna imeachta chun laigí suntasacha rialaithe a chinneadh agus a thuairisciú agus beart ceartúcháin cuí a chinntiú.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (ar lean)**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe in am agus i dtráth. I gcás go sainaithnítear easnaimh comhaontaítear na feabhsuithe is gá leo siúd a bhfuil an fhreagracht acu as beart ceartaitheach a dhéanamh agus déantar an tuairisciú cuí don lucht bainistíochta, don CIR agus don Bhord de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat lena gcuimsítear tuairisciú rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta.

Áirítear air go sonrach:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú,
- monatóireacht leanúnach ag an mBord ar an bplean agus buiséad bliantúil lena n-áirítear PTFanna, agus
- athbhreithnithe rialta ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na feidhmíochta agus neamhairgeadais araon ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad agus cuspóirí.

Soláthar

Tá oifigeach soláthair tiomanta/feidhm soláthair thiomanta ag NSAI. Áirítear ar na socruithe soláthair plean soláthair bliantúil, nuashonruithe rialta soláthair do bhainisteoirí, úsáid Creataí OGP, agus úsáid mionchomórtas de réir mar is cuí do riachtanais na heagraíochta.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha nós imeachta a chinntiú agus gur chomhlíon NSAI na nósanna imeachta sin in 2019 seachas cás amháin soláthair in easnamh tairiscint iomaíoch a bhain le mainneachtain chriticiúil na gcóras TFC. Rinneadh soláthar SAN eagraíochtaí (Stóráil agus Líonrú) a phleanáil le haghaidh am éigin sa bhliain, ach mar gheall ar chineál criticiúil mhainneachtain na gcóras TFC bhí gá le beart a dhéanamh láithreach. Fuarthas an soláthar dar luach €57,000 i gcoinne rátaí arna n-idirbheartú ag an rialtais.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag NSAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú NSAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de NSAI a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2019 ag cruinniú an Bhoird an 21 Feabhra 2020. Cuireadh bonn eolais faoin athbhreithniú le tuarascáil fhoirmiúil ar na córais rialaithe inmheánaigh a rinne an CIR, a breithníodh mar ítim ar chlár oibre chruinniú an CIR an 12 Feabhra 2020.

Saincheistanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach a mbeadh caillteanais ábhartha mar thoradh orthu i ndáil le 2019 lena gceanglaítear nochtadh sna ráitis airgeadais. Le linn cur i bhfeidhm gnáthaimh nósanna imeachta, sainaithníodh dearmad i gcur i bhfeidhm comhsheasmhach tuairiscithe cánach conarthaí. Rinneadh nochtadh deonach pras leis na Coimisinéirí loncaim in 2019 i ndáil le cur i bhfeidhm cháin na gconarthaí ábhartha. D'iarr NSAI go mbreithneofaí ar éileamh ar gan aon chaillteanas ioncaim agus go measfaidh an pionós íosta €5,000 arna sholáthar faoi chód cleachtais na gCoimisinéirí loncaim mar an smachtbhanna ceart. Tá an cheist sin á breithniú faoi láthair.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY

Cathaoirleach
30 Meitheamh 2020



GERALDINE LARKIN

Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
30 Meitheamh 2020

AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

TUARASCÁIL LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite ioncain agus caiteachais agus cúlchistí ioncain coimeáda
- an ráiteas comhdhlúite ar an ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas na NSAI maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann amháil an 31 Nollaig 2019 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2019 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Béim ar ábhar - maoiniú pinsean iarchurtha

Gan mo thuairim a cháilióchtú tarraingím aird ar nóta 12 (c) leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann sócmhainn i ndáil le maoiniú sochar scoir iarchurtha – soláthróidh an Stát luach reatha an chistithe a thuarann sé amach anseo chun dliteanais sochar scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá bonn tuisceana ag baint le hionramháil sin na cuntasaíochta go ndéanfar ioncam ar bith a ghinfidh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ar an gcéad dul síos a úsáid i gcomhair speansais reatha agus go n-íocfar as maoiniú an Stáit easnamh reatha ar bith nó easnamh ar bith amach anseo sna hacmhainní lena n-áirítear dliteanais sochar scoir amach anseo.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas um rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



ANDREW HARKNESS

Thar ceann agus ar son:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (ar lean)**Aguisín leis an tuarascáil****Freagrachtaí na gComhaltaí Boird**

Faoi mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuiriscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta.

Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochtála lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasáiochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann scor de bheith ina ghnóthas leantach
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh ina léirítear cur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Bunaithe ar an obair a rinne mé, má go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Bord NSAI

Tá Comhlachtaí Boird NSAI, a cheapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta comhdhéanta dóibh seo a leanas:

Comhaltaí Boird

An tUasal J. Kennedy – Cathaoirleach

G. Larkin Uasal – Príomhfheidhmeannach

An tUasal R. Blackburn

V. Bowens, Uasal

N. Brennan, Uasal - Éirithe as ar an 16 Aibreán 2019

An tUasal. P. Devereux - Ceaptha ar an 30 Bealtaine 2019

A. Goggin, Uasal - Athcheaptha ar an 21 Aibreán 2019

An tUasal T. Landers

M. McKeown, Uasal - Ceaptha ar an 6 Samhain 2019

An Dr A. O'Boyle

An tUasal F O'Byrne - Éirithe as ar an 4 Aibreán 2019

M. O'Connell, Uasal - Ceaptha ar an 30 Bealtaine 2019

D. O'Hara, Uasal - Éirithe as ar an 14 Aibreán 2019

An tUasal K. Ryan - Éirithe as ar an 14 Aibreán 2019

An tUasal B. Smith

D. Smith, Uasal - Éirithe as ar an 6 Meán Fómhair 2019

An tUasal C. Verdon - Ceaptha ar an 16 Aibreán 2019

An Rúnaí Boird

